Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 40

# Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, do sheirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear olltoradh an chaiteachais i gcomparáid leis na méideanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2023, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €38.751 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1-6.

***Éileamh eisceachtúil mar gheall ar imirce***

Bhí tionchar an-suntasach ar an Roinn in 2023 ag an éileamh leanúnach ar chóiríocht éigeandála agus ar thacaíocht do Thairbhithe na hÚcráine um Chosaint Shealadach (BOTPanna). Faoi dheireadh 2023, bhí breis agus 100,000 BOTP tagtha go hÉirinn, agus d'iarr breis agus 75% díobh cúnamh le cóiríocht ón Stát. Bhí an leithdháileadh tosaigh do Fhreagairt na hÚcráine i Vóta 40 bunaithe ar olltoradh 2022. Is seirbhís chostasach, bunaithe ar éileamh, phráinneach ó thaobh ama de agus an-fhreagrúil í an soláthar cóiríochta do BOTPanna agus braitheann na riachtanais láithreacha ar líon na ndaoine a thagann ón Úcráin. Chuir dhá mheastachán fhorlíontacha a fuair an Roinn i dtreo dheireadh 2023 dóthain cistí ar fáil chun freastal ar an olltoradh deiridh de thart ar €1.5 billiún i bhfo-cheannteideal E.5 ar fhreagairt na hÚcráine.

Bhí tionchar ag an méadú ar líon na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a tháinig isteach in 2023 ar an Roinn freisin. Braitheann an tseirbhís seo ar éileamh agus tá méadú ag teacht ar riachtanais chóiríochta agus seirbhísí de réir mar a thagann méadú ar líon na n-iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta. In 2023, bhí 13,277 iarratasóir nua ar chosaint idirnáisiúnta. Chun críoch comparáide, tháinig méadú ar líon na ndaoine ar soláthraíodh cóiríocht dóibh ó 7,244 i mí na Nollag 2021 go 18,534 i mí na Nollag 2022 agus shroich siad 26,000 faoi dheireadh mhí na Nollag 2023. Fuarthas dhá mheastachán fhorlíontacha i dtreo dheireadh 2023 chun freastal ar an olltoradh €656 milliún i bhfo-cheannteideal E.4.

***Aistriú feidhmeanna***

An 1 Márta 2023, aistríodh an fhreagracht as beartas, feidhmeanna agus maoiniú a bhaineann le Sainseirbhísí Míchumais Pobalbhunaithe (SCBDS) chuig an Roinn ón Roinn Sláinte. Tá Bord Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte freagrach don Roinn anois maidir le SCBDS. Is ar an Roinn Sláinte i gcónaí atá freagracht an bheartais agus an bhuiséid as seirbhísí sláinte príomhshrutha (lena n-áirítear iad siúd a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas).

An 3 Bealtaine 2023, cheadaigh Dáil Éireann meastacháin athbhreithnithe bhreise 2023, lenar aistríodh €2.647 billiún i nglanmhaoiniú SCBDS chuig Vóta 40 ó Vóta 39 Sláinte. Áiríodh leis an leithdháileadh sin €2.63 billiún d'ollmhaoiniú d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. I meastachán forlíontach 2023, leithdháileadh €112.518 milliún breise i mbunmhaoiniú ar sheirbhísí míchumais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, rud a mhéadaigh buiséad iomlán SCBDS do 2023 go €2.759 billiún.

## Ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta

Agus an cuntas á ullmhú, cuireadh i bhfeidhm na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá siad leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2023, seachas iad seo a leanas.

***Dímheas***

Déantar sócmhainní a dhímheas go bliantúil ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchais mheasta, agus dímheas bliana iomláine á mhuirearú i mbliain na héadála agus gan aon dímheas a bheith á mhuirearú i mbliain na diúscartha.

Tá Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh dílsithe don Aire agus áirítear é i sócmhainní caipitil mar thalamh agus mar fhoirgnimh. Déantar foirgnimh a dhímheas ag ráta 2% in aghaidh na bliana ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchais mheasta. Ní dhéantar talamh a dhímheas.

***Athaicmiú sócmhainní***

Measasdh na saolréanna ionchais agus na rátaí amúchta a ghabhann leo i gcás móraicmí sócmhainní doláimhsithe mar seo a leanas:

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré ionchais* | *Ráta amúchta* |
|---|---|---|
| Bogearraí a fuarthas/a forbraíodh | 5 bliana | 20% |

***Íocaíochtaí le Pobal***

Tugadh cistí ar airleacan do Phobal maidir le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Tugann Pobal cistí nach bhfuil ag teastáil (e.g. mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a ceapadh) ar ais don Roinn. Gearrtar an glanmhéid a tugadh ar airleacan do Phobal sa bhliain in aghaidh na bhfo-cheannteideal ábhartha vótaí sa bhliain (féach nóta 6.1).

## Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais***

I mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoinníonn an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais agus go gcuireann sí i bhfeidhm é.

Feidhmítear an fhreagracht seo i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní fhéadann córas rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, na bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go ndéantar aon earráid ní mírialtacht ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais na gcomhaontuithe leibhéal seirbhíse don Roinn seo maidir le seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar, agus don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte AD agus párolla. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam freisin faoi nósanna imeachta airgeadais phoiblí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an NSSO go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo. Tá litir dhearbhaithe ag Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh freisin ó Cheannasaí Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt maidir le soláthar seirbhísí TFC.

***Seirbhísí gníomhaireachta***

Riarann Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne thar raon clár luathbhlianta agus clár a bhaineann leis an óige. In 2023, tugadh glanmhaoiniú €1.03 billiún ar airleacan do Phobal maidir leis sin (nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialú ag comhaontú uileghabhálach leibhéal seirbhíse atá mar thuiscint ghinearálta ar chuspóir, comhthéacs, cuspóirí, téarmaí agus coinníollacha an chaidrimh idir an dá pháirtí. Tá an comhaontú leibhéal seirbhíse reatha i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2024, agus tá litir shóláis eisithe chuig Pobal a chuirfidh an Roinn i mbun an phróisis chun síneadh a chur leis an gcomhaontú leibhéal seirbhíse thar an dáta éaga reatha. Cuirfidh sé sin ar chumas Phobal leanúint ar aghaidh ag fostú na foirne riachtanaí agus na seirbhísí conartha seachtracha a theastaíonn chun a chuid oibre a dhéanamh.

Rinne Indecon Economic Consultants athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail oibriúcháin um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus um Chúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) in 2021. Tháinig an t-athbhreithniú, a foilsíodh an 29 Márta 2022, ar an gconclúid gurb í gníomhaireacht Stáit thiomnaithe nua faoi shainchúram an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an tAire) an tsamhail oibriúcháin is fearr don earnáil ELC agus SAC do na blianta amach romhainn. Dhéanfadh an ghníomhaireacht sin na feidhmeanna atá á ndéanamh faoi láthair ag Pobal Luathbhlianta (lena n-áirítear Tús Níos Fearr), na 30 Coiste Cathrach/Contae i gCúram Leanaí, chomh maith leis na feidhmeanna oibríochtúla a dhéanann an Roinn.

Tar éis fhoilsiú an athbhreithnithe, chuir an Roinn tús le céim phleanála deartha agus cur chun feidhme den tionscadal athchóirithe sin. I mí na Nollag 2023, rinne an Roinn conradh le Indecon Economic Consultants chun céim thaighde, anailíse agus rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi dhearadh ghníomhaireacht thiomnaithe fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Áireofar leis sin measúnú maidir leis na feidhmeanna a bheidh le déanamh ag an ngníomhaireacht. Bunaíodh Bord Comhairleach Cláir chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair thábhachtach sin, agus tá sé comhdhéanta d'ionadaithe idir-rannacha in éineacht le roinnt saineolaithe seachtracha a bhfuil taithí acu ar an leibhéal sinsearach ar bhainistiú athruithe agus athchóiriú mórscála, ceannaireacht, rialachas, beartas poiblí, agus eolas ar earnáil ELC agus SAC.

Tá dul chun cinn déanta maidir leis an gclár athchóirithe uaillmhianach claochlaitheach sin a chur chun cinn, lena n-áirítear sraith seisiún comhairliúcháin a tugadh chun críche le déanaí le raon leathan páirtithe leasmhara, maidir le fís don ghníomhaireacht. Beidh toradh na céime oibre sin mar bhonn agus mar thaca ag gach cinneadh a dhéanfar maidir le dearadh na gníomhaireachta. Cuirfear plean iomlán deartha agus cur chun feidhme gníomhaireachta faoi bhráid an Rialtais lena cheadú nuair a bheidh an t-athbhreithniú sin curtha i gcrích.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na mí®eanna seo a leanas.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar a bhfuil an fhreagracht sannta as bainistíocht airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun cliseanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntiú go ndéantar gníomh cuí ceartúcháin.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm faoin tslí le mo chuid freagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a chomhlíonadh.
- Tá doiciméadú déanta ar na príomhphróisis ghnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Síníonn ardbhainistíocht na Roinne ráitis dearbhaithe rialaithe airgeadais maidir lena réimsí freagrachta aonair. Tá na ráitis sin ar fáil domsa i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an cuntas leithreasa á thabhairt chun críche.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochtaDeimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta, agus go háirithe,***

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ann a bhfuil buiséad bliantúil aige a bhíonn faoi athbhreithniú leanúnach ag an ardbhainistíocht
- go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a nochtann feidhmiúlacht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm sa Roinn go bhfuil córais ann a fhéachann le slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochtaí caipitil cuí ann agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus Iniúchóireacht an AE agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn agus pearsanra atá oilte go cuí ag obair inti agus iad ag feidhmiú de réir cairt scríofa atá faofa ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Tá obair na feidhme bunaithe ar anailís ar na rioscaí a nochtar don Roinn. Tá a pleananna iniúchóireachta bliantúla, atá ceadaithe agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is cuspóir do na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Chomh maith lena dhualgais leanúnacha, tá an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach agus Iniúchóireacht an AE ainmnithe ag an Aire mar an t-údarás iniúchóireachta do Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) an AE.

Ar bhonn tréimhsiúil, buailim le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta freisin. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne miontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta a mheas.

Is cuntasóir gairmiúil é Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus bhí líon foirne de bheirt ardoifigeach feidhmiúcháin agus de bheirt oifigigh feidhmiúcháin aige. Chomh maith leis an bhfoireann bhuan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta a sholáthraíonn conraitheoir seachtrach leis an bhfeidhm iniúchóireachta. Déantar iniúchtaí ar chaighdeáin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe agus Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha (CIIA). Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Bhí an fheidhm faoi réir athbhreithniú cáilíochta seachtrach i mí Feabhra 2020 ag an CIIA agus ba é an chonclúid gur bhain sé “ardleibhéal comhlíonta ginearálta leis na caighdeáin” amach.

D’fhaomh mé an plean iniúchóireachta inmheánaí do 2023 i mí an Mhárta 2023. Le linn 2023, d’eisigh iniúchadh inmheánach ocht dtuarascáil. Ní dhearnadh tuairim iniúchóireachta ‘gan dearbhú’ ar ócáid ar bith. Tugadh tuairim iniúchóireachta ‘dearbhú teoranta’ trí huaire.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar tuarascálacha agus moltaí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a shaothrú go hiomchuí.

***Soláthar***

Féachann an Roinn chuige go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe maidir le 50 conradh neamhiomaíoch os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) sa tuairisceán bliantúil a éilítear faoi chiorclán 40/2002.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás 50 conradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) gan próiseas iomaíoch, arbh fhiú €84,922,706 iad (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain daichead a seacht conradh dar luach €84,770,882 le soláthar seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta.
- Bhain conradh amháin dar luach €78,972 leis na bogearraí agus leis an tacaíocht do chóras bainistíochta airgeadais na Roinne.
- Bhain conradh amháin dar luach €42,972 le seirbhísí sainchomhairleoireachta teicniúla a bhain le forbairt láithreán cosanta idirnáisiúnta.
- Bhain conradh amháin ar luach €29,880 le taighde breise a coimisiúnaíodh leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Is é an tAonad Riaracháin um Chistí sa Roinn an tÚdarás Bainistíochta chun clár náisiúnta na hÉireann a chur i gcrích faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF). Déantar maoiniú AMIF ón gCoimisiún Eorpach a scaoileadh sna cuntais trí leithreasaí i gcabhair a luaithe a mheastar é a bheith cinnte. Ag an 31 Nollaig 2023, ba é €32.38 milliún iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh. Is féidir €13.96 milliún de sin a thabhairt ar ais don Choimisiún Eorpach, agus is ionann é sin agus €13.5 milliún do Dheontas Cóiríochta Éigeandála agus €0.46 milliún do Thionscadal CAPS-EU.

I mí an Mheithimh 2020, bronnadh deontas €13.5 milliún ar an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais chun cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag teacht isteach sa stát agus a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta ach nárbh fhéidir cóiríocht a chur ar fáil dóibh laistigh den phunann chóiríochta a bhí ann cheana. Bronnadh an deontas sin go díreach, agus ní raibh sé mar chuid de chlár náisiúnta AMIF d'Éirinn. Éilíodh agus íocadh méid iomlán an deontais leis an Roinn tar éis feidhmeanna áirithe a aistriú go déanach in 2020. I dtuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina dhiaidh sin, áfach, sainaithníodh ceisteanna maidir le cóiríocht éigeandála a sholáthar, agus moladh méid an deontais a íocadh a aisghabháil ina iomláine. Tá an moladh sin á mheas ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair, agus tá an méid iomlán de € 13.5 milliún á choinneáil sa chuntas fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh.

Bronnadh €0.46 milliún go díreach ar an Roinn i leith thionscadal CAPS-EU i mí na Nollag 2020. Ní raibh sé sin mar chuid de chlár náisiúnta AMIF d'Éirinn. Tá an tionscadal curtha i gcrích, agus tá éileamh caiteachais deiridh curtha isteach ag an Roinn; tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach ar aighneacht deiridh an éilimh faoi láthair. Ag an bpointe seo, táthar ag súil go gcaithfear thart ar € 0.40 milliún a aisíoc leis an gCoimisiún Eorpach a luaithe a bheidh an próiseas críochnaithe. Dá bhrí sin, coimeádtar an méid iomlán sa chuntas fionraí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá creat beartais bainistíochta riosca cuimsitheach i bhfeidhm ag an Roinn. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca ar a bhfuil comhaltaí uile an Bhoird Bainistíochta maoirseacht ar riosca. Tá mise i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta i mo chathaoirleach ar an gCoiste. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal na n-aonad aonair. Cuirtear an tAire ar an eolas faoi riosca corparáideach ar bhonn rialta.

Is éard atá i gceist leis an gcóras bainistíochta riosca ná riosca a shainaithint ar fud na Roinne agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a oiread is féidir, iad sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ag tacú leis an gcóras ina sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus leibhéil aonaid atá os comhair na Roinne, agus déantar gach ceann acu a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Sonraítear leis an gclár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá le déanamh chun riosca a mhaolú agus déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus nuashonrú air ar bhonn ráithiúil.

Tacaíonn ráiteas inghlacthachta riosca atá i bhfeidhm don Roinn leis an gcóras freisin. Cé go bhfuilimid sásta rioscaí rialaithe a ghlacadh chun leas a bhaint as deiseanna nua agus bealaí nuálacha a aimsiú chun ár gcuspóirí a chur chun cinn, tá lamháltas íseal againn maidir le rioscaí a sháraíonn ár nósanna imeachta oibriúcháin nó ár gceanglais rialála.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhartha ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sonraithe agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a dhéanamh ar aon easnaimh a aithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá a bainistíocht riosca agus a nósanna imeachta rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach agus Iniúchóireacht an AE agus ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus na hardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choimeád.

***Ceisteanna a bhaineann le rialú inmheánach airgeadais***

*Tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin ar an Roinn*

Bhí tionchar suntasach ag an éileamh leanúnach ar chóiríocht éigeandála agus ar thacaíocht do Thairbhithe na hÚcráine um Chosaint Shealadach (BOTPanna) ar an Roinn in 2023.

Faoi dheireadh 2023, bhí os cionn 100,000 BOTP tagtha go hÉirinn, agus cuireadh os cionn 81,000 díobh sin ar aghaidh chuig an Roinn agus iad ag lorg cóiríochta ón Stát. Díobh sin, bhí níos mó ná 58,000 duine i gcóiríocht sheirbhísithe (óstáin, leaba is bricfeasta srl.) ag deireadh na bliana.

Leithdháileadh thart ar 16,000 BOTP ar chóiríocht a gealladh trí chuibhreannas Chros Dhearg na hÉireann agus tríd an scéim ‘Tabhair Dídean’, arna hoibriú ag údaráis áitiúla, ó thús na scéimeanna in 2022 go dtí deireadh 2023.

Lean líon na n-orduithe cosanta sealadaí a deonaíodh de bheith ag fás in 2023, agus thart ar 29,000 BOTP eile ag lorg cóiríocht lena dtacaíonn an stát in 2023.

I mí na Nollag 2023, chinn an Rialtas raon gníomhartha chun na tacaíochtaí cóiríochta a chuirtear ar fáil do BOTPanna amach anseo a ailíniú ar bhealach níos fearr le tacaíochtaí cóiríochta Ballstát eile.

Mar gheall ar an leibhéal ard leanúnach gníomhaíochta, bhí gá le leathnú breise ar acmhainní foirne ag an Roinn. Faoi dheireadh 2023 bhí breis agus 170 ball foirne sannta d'fhoireann na hÚcráine.

Tá an Roinn tiomanta a chinntiú go n-íoctar sonraisc go pras agus ag an am céanna a chinntiú go leantar nósanna imeachta airgeadais cuí. Bhí sé dúshlánach ar dtús sonraisc a íoc go tráthúil i ndáil le seirbhísí cóiríochta agus tacaíochta do BOTPanna, mar gheall ar scála na cóiríochta a soláthraíodh sna céimeanna luatha den fhreagairt ar an ngéarchéim.

Go luath in 2023, thug DCEDIY faoi thionscadal chun feabhas a chur ar an gcóras íocaíochtaí. Mar thoradh ar na gníomhartha uathoibrithe tosaigh a tugadh isteach, tháinig feabhsuithe suntasacha ar an bpróiseas agus tugadh aghaidh ar dhúshlán an riaráiste sonrasc a tháinig chun cinn. Tháinig tionscadal íocaíochtaí leictreonacha ní b'uaillmhianaí ina dhiaidh sin, chun ollchóiriú iomlán a dhéanamh ar chóras na Roinne chun sonraisc a phróiseáil. Thosaigh an Roinn á rolladh amach chuig soláthraithe i mí na Nollag 2023.

Áirítear le feabhsuithe breise ar rialuithe airgeadais inmheánacha foireann thiomnaithe do chomhlíonadh a bhunú i mí an Mheithimh 2023. Déanann an fhoireann chomhlíontachta scrúdú ar chomhlíonadh na gceanglas conarthach, lena n-áirítear comhlíonadh airgeadais, comhlíonadh na gcaighdeán Sláinte agus Sábháilteachta agus cóiríochta ar fud phunann chóiríochta BOTP, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Ó mhí Aibreáin 2024 ar aghaidh, tá tacaíocht bhreise curtha ar fáil don fhoireann comhlíontachta, lena n-áirítear gnólacht cuntasaíochta a fhostú chun tabhairt faoi obair, lena n-áirítear seirbhísí cuntasaíochta fóiréinseacha, chun tacú leis an Roinn.

De réir mar a dhíríonn an Roinn ar a punann chóiríochta a chomhdhlúthú, cinntítear leis sin luach feabhsaithe ar airgead agus Maoiniú Státchiste á chosaint ag an am céanna, lena n-áirítear aisghabháil aon ró-éileamh sainaitheanta.

Nuashonraíodh clár riosca na Roinne chun an tionchar a bhí ag an gcoimhlint san Úcráin ar an Roinn a léiriú.

*Luathbhlianta — comhlíonadh rialacha an chláir*

Le linn na bliana féilire 2023, ina raibh dhá chlárbhliain (2022/23 agus 2023/24), rinneadh cigireacht ar 1,734 conradh/leithdháileadh le soláthraithe seirbhíse.

I gcás na soláthraithe seirbhíse atá ar conradh chun an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS) a sholáthar, rinneadh cigireacht ar 449 conradh. Ba é an ráta ró-éileamh mar chéatadán den leithdháileadh a ndearnadh cigireacht air ná 0.97%, arb ionann é agus €229,986. Beidh gach ró-éileamh a shainaithnítear faoi réir forchúitimh i gcoinne maoiniú amach anseo. Ba é 2.6 as 24 seiceáil in aghaidh na seirbhíse meánlíon na dtorthaí neamhchomhlíontachta. Tar éis toradh neamhchomhlíontachta faoi NCS, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse gníomhaíochtaí ceartúcháin a dhéanamh agus féindearbhuithe maidir le comhlíonadh amach anseo a chur isteach. Rinne 97% de na soláthraithe seirbhíse a ndearnadh cigireacht orthu in 2023 na gníomhaíochtaí ceartúcháin riachtanacha. Maidir leis an 3% eile, cuirtear tacaíochtaí saincheaptha ar fáil dóibh siúd a bhfuil mórthorthaí neamhchomhlíontacha acu agus breithnítear na seirbhísí go léir le haghaidh próifíliú riosca amach anseo.

Maidir leis an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), as na 737 cigireacht a rinneadh don bhliain féilire suas go dtí mí na Nollag 2023, fuarthas go raibh 18.9% díobh ‘mór-neamhchomhlíontach’ i gcás ina léiríonn neamhchomhlíonadh mór na ceisteanna comhlíontachta is tábhachtaí do mhaoiniú Státchiste, lena n-áirítear ceanglais maidir le taifead tinrimh agus i gcás inar gá níos mó ná 20% de chlárúcháin leanaí a nuashonrú. Ba é 0.22% nó €100,084 an ráta ró-éilimh le haghaidh ECCE.

Maidir le scéim Lacáiste an Fhóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (CCSP), atá dúnta d’iontrálaithe nua ó 2019 i leith, as na 76 cigireacht a rinneadh, fuarthas go raibh 50% díobh ‘mór-neamhchomhlíontach’. Ba é 4.47% nó €47,528 an ráta ró-éilimh ón leithdháileadh maoinithe iomlán.

Rinneadh cigireacht ar 472 leithdháileadh san iomlán don tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) Leibhéal 1 (As iomlán 2,489, nó 19% de leithdháiltí Leibhéal 1 de AIM), le ráta comhlíontachta 99%. Sainaithníodh ró-éilimh €1,786 do Leibhéal 1 de AIM, nó 0.21% den €866,001 a seiceáladh.

Maidir le conarthaí/leithdháiltí ELC agus SAC a ndearnadh cigireacht orthu ar an iomlán, ba é 0.54% nó €379,384 an ráta ró-éilimh .

Tá formhór na hoibre fíoraithe maidir le scéimeanna Covid-19 curtha i gcrích. Tá méideanna neamhchomhlíontacha de thart ar €464,000 (3.31%) san iomlán faighte ar ais go hiomlán faoin Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá um Chúram Leanaí (TWSCS). Mhol iniúchóireacht inmheánach go leathnófaí an sampla cumhdaigh don TWSCS agus d’aontaigh an Roinn le Pobal go ndéanfaidh siad tuilleadh iniúchtaí le linn 2024. Fuair 596 iarratasóir san iomlán maoiniú €4.69 milliún faoin Deontas um Shábháilteacht ó Dhóiteán. Ó dheireadh 2023, ba é an staid forchúitimh tar éis fíoruithe bunaithe ar dhoiciméid ar 100% de sholáthraithe seirbhíse a fuair an deontas sin (leathnú iomlán an tsampla fíorúcháin bunaidh), ná €722,251 a aisíocadh (nó 15% de mhéid iomlán an mhaoinithe deontais). I measc na gcúiseanna leis an bhforchúiteamh bhí caiteachas a tabhaíodh agus a íocadh lasmuigh den tréimhse incháilitheachta, airgead a caitheadh ar mhíreanna neamh-incháilithe de réir an chomhaontaithe maoinithe deontais agus sainaithint an airgid nár caitheadh. Chuaigh an deontas um Shúgradh Lasmuigh chun tairbhe do 3,691 iarratasóir arbh fhiú €4.7 milliún é. Tá seiceálacha fós ar siúl don deontas sin toisc go bhfuil an sampla á leathnú chun gach iarratasóir a chumhdach. Tá fíoruithe don deontas aerála, arb í scéim deiridh Covid-19 na Roinne í, le tosú in R3 2024.

Bhí roinnt forbairtí dearfacha ann le linn na bliana féilire 2023. Rinneadh rátálacha comhlíontachta NCS a ailíniú le rátálacha na gclár maoinithe de ECCE agus CCSP Lacáiste le haghaidh tuairisciú agus rátálacha comhlíontachta a eisíodh, bunaithe ar chatagóirí neamhchomhlíontachta de mhion-neamhchomhlíontachtaí, de neamhchomhlíontachtaí measartha agus de neamhchomhlíontachtaí móra.

Bhí an Creat Comhlíontachta nuachóirithe oibríochtúil agus tugadh isteach sraith tacaíochtaí nua do sheirbhísí neamhchomhlíontacha trí ‘leibhéal tacaíochtaí’ a oibríonn chun tacú le soláthraithe seirbhíse a bheith comhlíontach sula bhféadfaí iad a chur ar an gconair chun smachtbhannaí, de réir an Chreata athbhreithnithe. Déanann Bainistíocht Chomhtháite Cásanna Pobal na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil a riar agus is iad na coistí i gcúram leanaí sa cheantar áitiúil a chuireann ar fáil iad. Rinne an fhorbairt dul chun cinn freisin maidir le smachtbhanna comhlíonta a thabhairt isteach do sheirbhísí atá neamhchomhlíontach go leanúnach agus a dhiúltaíonn páirt a ghlacadh i dtacaíochtaí. Déanfar an smachtbhanna a ionchorprú in oibriú an Chreata Comhlíontachta. I measc na ngníomhaíochtaí forbartha tá breithnithe dlíthiúla, áiríodh athruithe ar rialacha cláir agus comhtháthú na conaire chun smachtbhannaí leis an Ardán Luathbhlianta.

Forbraíodh feidhm chomhlíontachta Leibhéal 7 de AIM agus tacaíochtaí breise do sheirbhísí chun comhlíonadh clár arna maoiniú ag an státchiste a bhaint amach agus a choinneáil le linn 2023 freisin, agus tá an cur chun feidhme sceidealaithe do R2 2024.

Is córas rátála riosca é Próifíliú Riosca Cigireachta Comhlíontachta (CRISP) a forbraíodh chun leibhéal riosca na soláthraithe seirbhíse a rátáil, bunaithe ar phríomhathróga amhail torthaí comhlíontacha roimhe seo, luach iomlán an chonartha agus an t-am ó rinneadh an chigireacht dheireanach. Cuireadh tús leis na chéad chigireachtaí ar sheirbhísí ag baint úsáid as samhail CRISP i mí an Mhárta 2023. Le Clárbhliain 2023/2024, déanfar sciar níos mó de sheirbhísí a shampláil nó a iniúchadh de réir CRISP. Tabharfaidh an tsamhail sin dearbhuithe níos fearr maidir le hacmhainní comhlíontachta a dhíriú ar chigireachtaí le haghaidh seirbhísí ar dócha go mbeidh torthaí neamhchomhlíontacha acu.

Ag deireadh 2023, thaifead próiseas bainistíochta fiachais Pobal iarmhéid féichiúnaí de thart ar €4.6 milliún i gcoinne gach clár Roinne. Áiríodh leis sin cláir seachas an clár ELC agus SAC a oibríodh an bhliain sin, agus bhain thart ar €3 milliún le tionscadail chaipitil stairiúla ag dul siar go dtí an tréimhse 2000-2010. Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn agus ag Pobal ar na fiacha oidhreachta agus tá méideanna sainaitheanta acu ar dóigh dóibh a bheith do-aisghabhála, le hanailís ar na fiacha iomlána do-aisghabhála atá le cur i gcrích. Tabharfar an próiseas bainistíochta fiachais sin chun críche trí nós imeachta socraithe a bhunú chun fiacha a shainaithint agus a láimhseáil sa todhchaí de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

24 Meán Fómhair 2024

## An t-Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 – Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 40 – Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bunús leis an tuairim***

Rinne mé m’iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal mór neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith roinnt conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2023 maidir le soláthar na seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta.

***Rialuithe íocaíochta agus ús íocaíochta moille***

Leag an tOifigeach Cuntasaíochta amach sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh sé an-dúshlánach sonraisc a íoc go pras le soláthróirí maidir le seirbhísí cóiríochta agus tacaíochta do thairbhithe na cóiríochta sealadaí. Léirítear i Nóta 6.6 gurbh ionann ús íocaíochta moille agus cúiteamh a gearradh ar an vóta in 2023 agus €3.3 milliún.

*Tithíochta mearthógála*

Déantar athbhreithniú i gCaibidil 5 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 ar sheachadadh na tithíochta mearthógála a gcuireann fo-cheannteideal E.5. den vóta maoiniú ar fáil di.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866.
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin;agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh cuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó a bhfuil an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás ina sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige

## Cuntas Leithreasa 2023

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Clárchaiteachas** | | | | | |
| A | Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh | | | | |
| | *Bunmhéid* | 995,243 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 81,414 | | | |
| | | | 1,076,657 | 1,074,331 | 948,879 |
| B | Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,124,219 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (23,787) | | | |
| | | | 1,100,432 | 1,097,071 | 824,919 |
| C | Clár beartais agus reachtaíochta | | | | |
| | *Bunmhéid* | 64,303 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (18,909) | | | |
| | | | 45,394 | 41,096 | 33,597 |
| D | Sochaí chomhionann agus chuimsitheach | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,686,026 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 109,172 | | | |
| | | | 2,795,198 | 2,773,345 | 29,611 |
| E | Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtach do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,053,773 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1,113,049 | | | |
| | | | 2,166,822 | 2,159,155 | 892,961 |

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar sna meastacháin** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 5,923,564 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1,260,939 | | | |
| | | | **7,184,503** | **7,144,998** | **2,729,967** |
| *Asbhain* | | | | | |
| F | **Leithreasaí i gCabhair** | | **31,959** | **31,205** | **35,055** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 5,891,605 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 1,260,939 | | | |
| | | | **7,152,544** | **7,113,793** | **2,694,912** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas lena ghéilleadh** | **38,750,829** | **86,718,120** |

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

24 Meán Fómhair 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Clárchostas | | 7,095,428 | 2,691,451 |
| Pá | | 43,808 | 33,484 |
| Neamhphá | | 5,762 | 5,032 |
| **Ollchaiteachas** | | **7,144,998** | **2,729,967** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **31,205** | **35,055** |
| **Glanchaiteachas** | | **7,113,793** | **2,694,912** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (171,807) | | |
| Dímheas | 1,845 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (3,516) | | |
| Amúchadh | 4,147 | | |
| | | (169,331) | (35,220) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhardail (nóta 2.4) | 6 | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí (nóta 2.5) | (24,104) | | |
| Laghdú ar speansais fhabhraithe (nóta 2.7) | (119,666) | | |
| | | (143,764) | 151,214 |
| **Caiteachas díreach** | | **6,800,698** | **2,810,906** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,752 | 7,187 |
| **Glanchostas cláir** | | **6,809,450** | **2,818,093** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara ná na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 40 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 40 | 41 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,276 | 2,866 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,770 | 3,366 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 98 | 74 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 231 | 70 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 1,260 | 695 |
| An Príomh-Chiste - pinsin aireachta | | 77 | 75 |
| | | **8,752** | **7,187** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 261,053 | 91,496 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 8,232 | 8,863 |
| **Iomlán na sócmhainní seasta** | | **269,285** | **100,359** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 35,913 | 32,716 |
| Fardail | 2.4 | — | 6 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 53,834 | 29,729 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 10,808 | 12,049 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **100,555** | **74,500** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.7 | 39,239 | 158,904 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 11,565 | 3,286 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 2.9 | 32,379 | 30,582 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.10 | 2,777 | 10,897 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **85,960** | **203,669** |
| **Glansócmhainní reatha / (dliteanais)** | | 14,595 | (129,169) |
| **Glansócmhainní / (dliteanais)** | | **283,880** | **(28,810)** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.11 | **283,880** | **(28,810)** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt [b] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| ag an 1 Eanáir 2023 | 70,425 | 550 | 1,104 | 29,010 | 101,089 |
| Breiseanna | 11,146 | — | — | 160,661 | 171,807 |
| Coigeartuithe [a] | — | (490) | (862) | — | (1,352) |
| ag an 31 Nollaig 2023 | 81,571 | 60 | 242 | 189,671 | 271,544 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| ag an 1 Eanáir 2023 | 8,547 | 491 | 555 | — | 9,593 |
| Dímheas don bhliain | 1,811 | 12 | 22 | — | 1,845 |
| Dímheas ar choigeartuithe [a] | — | (451) | (496) | — | (947) |
| ag an 31 Nollaig 2023 | 10,358 | 52 | 81 | — | 10,491 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2023** | **71,213** | **8** | **161** | **189,671** | **261,053** |
| ag an 31 Nollaig 2022 | **61,878** | **59** | **549** | **29,010** | **91,496** |

Nótaí [a] Baineann an coigeartú sin le míreanna aonair a bhfuil luach suas le €10,000 orthu a bhaint den chlár sócmhainní. Tá na sócmhainní sin fós in úsáid.

[b] Cuimsíonn sócmhainní atá á bhforbairt caiteachas a bhaineann leis an gClár Tithíochta Mearthógála agus leis an gClár Tithe Modúlacha.

[c] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní éadála agus a forbraíodh bogearraí a athaicmiú ó mhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe [a]

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil [b]** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 18,308 | 260 | 18,568 |
| Breiseanna | 2,358 | 1,158 | 3,516 |
| Aistrithe | 70 | (70) | — |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 20,736 | 1,348 | 22,084 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2023 | 9,705 | — | 9,705 |
| Amúchadh don bhliain | 4,147 | — | 4,147 |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | 13,852 | — | 13,852 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2023** | **6,884** | **1,348** | **8,232** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 8,603 | 260 | 8,863 |

Nóta [a] Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023, rinneadh sócmhainní éadála agus a forbraíodh bogearraí a athaicmiú ó mhaoin, gléasra agus trealamh go sócmhainní doláimhsithe.

[b] Is éard atá i sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt go príomha ná caiteachas a bhaineann leis an gCóras do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí um an Ardán Luathbhlianta a d’fhorbair Pobal.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG | (16,191) | (4,835) |
| Iarmhéideanna bainc eile | 52,104 | 37,551 |
| | **35,913** | **32,716** |

## 2.4 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | — | 4 |
| Tomhaltáin TF | — | 2 |
| | — | **6** |

Nóta [a] Agus é ag tosú in 2023, cuirtear méid ard earraí ar luach íseal go hiomlán leis an gcostas sa bhliain agus ní aicmítear mar earraí stoic iad a thuilleadh.

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pobal | 18,267 | 13,584 |
| Costais lucht iarrtha ar cosaint idirnáisiúnta | 33,791 | 12,817 |
| Cóiríocht d'Úcránaigh agus caiteachas gaolmhar áirithe | 770 | 1,890 |
| Cláir cúraim leanaí | 151 | 1,000 |
| Riarachán/oibríochtúil | 339 | 288 |
| Taighde | 500 | 150 |
| Caiteachas a bhaineann le míchumas | 16 | — |
| | **53,834** | **29,729** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Airleacain chuig OPW | — | 8,009 |
| Scéim aitheantais na hÚcráine | 10,285 | 3,660 |
| Tuarastail in-aisíoctha | 139 | 79 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 384 | 301 |
| | **10,808** | **12,049** |

## 2.7 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cóiríocht d'Úcránaigh agus caiteachas gaolmhar áirithe | 21,299 | 143,626 |
| Costais lucht iarrtha ar cosaint idirnáisiúnta | 15,880 | 14,481 |
| Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach | 589 | 207 |
| Fabhruithe cláir eile | 789 | 140 |
| Riarachán/oibríochtúil | 652 | 450 |
| Caiteachas a bhaineann le míchumas | 30 | — |
| | **39,239** | **158,904** |

## 2.8 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 878 | 755 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 694 | 569 |
| Cáin iarchoimeádta ar sheirbhísí gairmiúla | 230 | 191 |
| Cáin bhreisluacha | 139 | 63 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 6 | 6 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 177 | 149 |
| Cáin conarthaí iomchuí | 850 | — |
| | 2,974 | 1,733 |
| Cistí atá dlite don OPW | 7,023 | — |
| Fáltais bhreise ón státchiste | 352 | 505 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 1,216 | 1,048 |
| | **11,565** | **3,286** |

## 2.9 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fáltais an AE | **32,379** | **30,582** |

## 2.10 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas lena ghéilleadh | 38,751 | 86,718 |
| Géilleadh iarchurtha | — | — |
| Deontas ón Státchiste neamhtharraingthe | (35,974) | (75,821) |
| **Glanmhaoiniú ónStátchiste** | **2,777** | **10,897** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 35,913 | 32,716 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 10,808 | 12,049 |
| | 46,721 | 44,765 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,974) | (1,733) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (8,591) | (1,553) |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | (32,379) | (30,582) |
| | (43,944) | (33,868) |
| | **2,777** | **10,897** |

## 2.11 Cuntas maoinithe an Stáit

| | **Nóta** | **2023** | | **2022** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | (28,810) | 85,746 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 7,152,544 | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | Cuntas | (38,751) | | |
| Glanvóta | | | 7,113,793 | 2,694,912 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 8,752 | 7,187 |
| Míreanna neamhairgid – Coigeartú ar mhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | | (8,863) | — |
| Míreanna neamhairgid – Coigeartú ar shócmhainní doláimhsithe | 2.2 | | 8,863 | — |
| Coigeartú | 2.1 | | (405) | 1,438 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (6,809,450) | (2,818,093) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **283,880** | **(28,810)** |

## 2.12 Ceangaltais

| a) Ceangaltais dhomhanda<br>ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 247,209 | 96,092 |
| Caipiteal [b] | 49,626 | 208,390 |
| Cláir deontais neamhchaipitil [c] | 306,464 | 235,055 |
| **Iomlán na ngealltanas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **603,299** | **539,537** |

Nóta [a] Baineann an méadú ar sholáthar earraí agus seirbhísí go príomha leis an méid seo a leanas

- Tháinig méadú ar ghealltanais chonartha maidir le seirbhísí cosanta idirnáisiúnta mar thoradh ar an bhfás ar líon na ndaoine nuathagtha a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta in 2023. Ceangaltais a bhaineann le soláthar cóiríochta mar thoradh ar theacht leanúnach BOTPanna. Ag deireadh 2023 bhí breis agus 100,000 BOTP ann, agus bhí 75% díobh sin ag lorg cóiríocht a fhaigheann tacaíocht ón Stát.

[b] Tá laghdú tagtha ar ghealltanais maidir le tionscadail chaipitil toisc gur tabhaíodh formhór an chaiteachais, a bhaineann leis an gclár tithíochta modúlaí mearthógála, faoi dheireadh 2023.

[c] Baineann an méadú ar chláir deontais neamhchaipitil leis na nithe seo a leanas

- méadú ar an ngealltanas íocaíochta aitheantais i leith na hÚcráine mar gheall ar theacht leanúnach BOTPanna agus an céatadán ard díobh siúd atá ag lorg cóiríocht a fhaigheann tacaíocht ón Stát
- méadú ar ghealltanas na Scéime Bunmhaoinithe Luathbhlianta mar gheall ar mhéadú ar chostais scéime agus ar an méadú ar líon na soláthraithe seirbhíse.

**b) Tionscadail chaipitil mhóra**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2022<br>€000 | Caiteachas in 2023<br>€000 | Ceangaltais tionscadail i mblianta dá éis<br>€000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré na dtionscadal 2023<br>€000 | Caiteachas iomlán ionchasach thar shaolré na dtionscadal 2022<br>€000 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Clár Mearthógála | **29,010** | **158,764** | **49,626** | **237,400** | **237,400** |

## 2.13 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastacháin ar dhliteanais aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana | **4,374** | **54,675** |

## 2.14 Dliteanais theagmhasacha

Bhí costais dlí le haghaidh ocht n-athbhreithniú bhreithiúnacha a shocraigh an Roinn i mí na Nollag 2021, a tugadh faoi deara i gcuntais leithreasa 2021 agus 2022, fós iníoctha ag an 31 Nollaig 2023. Níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú a chainníochtú faoi láthair toisc go bhfuil iarratas ar íocaíocht fós le fáil ag an Roinn.

Tá na costais dhlíthiúla a áiríodh i gcuntas leithreasa 2022 i leith dhá chás clárúcháin breithe neamhdhleathacha a socraíodh le linn 2022 fós iníoctha ag an Roinn ag an 31 Nollaig 2023. Níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú a chainníochtú faoi láthair. Íocadh costais eile a bhaineann leis na cásanna sin in 2023 agus áiríodh i nóta 6.2 iad.

Tá costais dlí i leith dhá chás díobhála pearsanta a shocraigh an Roinn le linn 2023 iníoctha ag an 31 Nollaig 2023. Níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú a chainníochtú faoi láthair.

Tá costais dlí an ghearánaí maidir le hagóid dhlíthiúil a bhaineann le coimircíocht iníoctha ag an Roinn ag an 31 Nollaig 2023. Níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú a chainníochtú faoi láthair.

Tá slánaíochtaí curtha ar fáil d’úinéirí Citywest maidir leis an úsáid a bhain an Roinn as an óstán agus as an ionad comhdhála mar Mhol Idirthurais do thairbhithe de chosaint shealadach agus d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Baineann na slánaíochtaí sin le cealú imeachtaí san ionad comhdhála, árachas agus damáistí/dlíthíocht a d’fhéadfadh a eascairt as éilimh ó chónaitheoirí. Meastar gur thart ar €1.3 milliún atá sna costais a bhaineann le cealú na n-imeachtaí, ach tá idirbheartaíocht fós ar siúl idir Citywest agus páirtithe ábhartha éagsúla maidir le cealuithe. Ní raibh aon éileamh go dtí seo maidir le hárachas, damáistí nó dlíthíocht agus tá aon mhéid iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

Tá an díospóid a áiríodh i gcuntas leithreasa 2022, maidir leis an treoir a d’eisigh an Coimisiún Imscrúdúcháin don Roinn costais dlí de thart ar €71,000 a íoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, fós ar siúl agus dá bhrí sin níl an Roinn in ann an dliteanas iomlán atá le socrú ná uainiú na híocaíochta a chainníochtú faoi láthair.

Tá baint ag an Roinn le 55 cás dlí, 44 cás a tugadh faoi deara i gcuntas leithreasa 2022 a fhéadfaidh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

Tá roinnt dúshlán dlí féideartha ann a bhaineann le coimircíocht agus leis an Acht nua um Chinnteoireacht Chuidithe agus tá 58 gcás díobhála pearsanta féideartha ann, a fhéadfaidh dliteanais a ghiniúint ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos cionroinnte trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 55,871 | 43,808 | 33,484 |
| ii | Taisteal agus cothú | 559 | 522 | 335 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 3,016 | 1,736 | 1,761 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 176 | 121 | 154 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,654 | 1,566 | 945 |
| vi | Costais áitribh oifige | 2,263 | 1,537 | 1,603 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe maidir le beartais luach ar airgead | 1,231 | 280 | 234 |
| | | **64,770** | **49,570** | **38,516** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**iii Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha**

*Soláthar sna meastacháin €3.016 milliún; olltoradh €1.736 milliún*

Cuireadh an leithdháileadh sin ar fáil le haghaidh oiliúna agus costais theagmhasacha in 2023 nár tháinig aon cheanglas chun cinn ina leith.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar sna meastacháin €2.263 milliún; olltoradh €1.537 milliún*

Ba iad ba chúis leis an tearc-chaitheamh go príomha ná na costais fuinnimh a bhí ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leo agus an t-éileamh laghdaithe ar threalamh oifige a d'eascair as socruithe oibre cumaisc a bhí i bhfeidhm.

**vii Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithnithe maidir le beartais luach ar airgead**

*Soláthar sna meastacháin €1.231 milliún; olltoradh €280,000*

Níor tháinig an caiteachas ionchais ar shainchomhairleoireacht chun cinn le linn na bliana.

## Clár A Tacaíocht leanaí agus teaghlaigh

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 9,454 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (1,914) | | | |
| | | | 7,540 | 7,884 | 6,026 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,528 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (200) | | | |
| | | | 1,328 | 1,037 | 905 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | |
| | *Bunmhéid* | 917,082 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 84,069 | | | |
| | | | 1,001,151 | 1,001,151 | 915,640 |
| A.4 | Ceartas óige – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | | | | |
| | *Bunmhéid* | 28,544 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (490) | | | |
| | | | 28,054 | 27,380 | 26,308 |
| A.5 | Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóra ad Litem | | | | |
| | *Bunmhéid* | 100 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (50) | | | |
| | | | 50 | 45 | — |
| A.6 | Tacaíochtaí a bhaineann le Covid ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (1) | | | |
| | | | — | — | — |
| A.7 | Seirbhísí chun tacú le híospartaigh foréigin teaghlaigh, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe | | 38,534 | 36,834 | — |
| | | | **1,076,657** | **1,074,331** | **948,879** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán bhí an caiteachas maidir le Clár A €79.088 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**A.3 An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

*Soláthar sna meastacháin €917.082 milliún; olltoradh €1.001 billiún*

Tharla an róchaitheamh de €84 milliún go príomha mar gheall ar an méadú a tháinig ar an éileamh in 2023 ar áitíocht aonair nó ar shocruithe speisialta éigeandála eile, agus mar gheall ar ghanntanas roghanna malartacha cúraim chónaithe. Ina theannta sin, tháinig méadú suntasach ar líon na leanaí scartha a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla). I measc na dtosca eile ba chúis leis an róchaitheamh sin in 2023 bhí brúnna costais dhlíthiúil mar gheall ar úsáid mhéadaithe caomhnóra ad litem, gannchion maoinithe míchumais ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, costais mhéadaithe a d'eascair as comhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus íocaíocht dhúbailte an liúntais cúraim altrama i mí na Nollag 2023 a fógraíodh i mBuiséad 2024.

## Clár B Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 12,079 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (2,452) | | | |
| | | | 9,627 | 10,076 | 7,702 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,953 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (200) | | | |
| | | | 1,753 | 1,326 | 1,158 |
| B.3 | Cláir réamhscoile ECCE agus AIM | | | | |
| | *Bunmhéid* | 308,200 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 7,319 | | | |
| | | | 315,519 | 315,518 | 330,867 |
| B.4 | An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir cúraim leanaí eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 357,626 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (15,013) | | | |
| | | | 342,613 | 342,600 | 219,942 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 359,664 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (13,183) | | | |
| | | | 346,481 | 344,634 | 158,442 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 75,648 | 74,808 | 72,492 |
| B.7 | Éire Ildánach | | 150 | 149 | 120 |
| B.8 | Gníomhartha maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine maoinithe) | | 8,157 | 7,476 | 10,545 |
| B.9 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | | | |
| | *Bunmhéid* | 741 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (257) | | | |
| | | | 484 | 484 | 975 |

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.10 Tacaíochtaí Covid d’Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige/do Chúram Leanaí ar Aois Scoile | | | | |
| *Bunmhéid* | 1 | | | |
| *Méid Forlíontach* | (1) | | | |
| | | — | — | 22,676 |
| | | **1,100,432** | **1,097,071** | **824,919** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár B €27.148 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**B.8 Gníomhartha maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine maoinithe)**

*Soláthar sna meastacháin €8.157 milliún; olltoradh €7.476 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €681,000 go príomha mar gheall ar chealú tionscnamh a maoiníodh faoi scéim na gCuntas Díomhaoin.

**B.9 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar sna meastacháin €741,000; olltoradh €484,000*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €257,000 ná an mhoill ar thúsú an chláir thrasteorann nua PEACEPLUS, rud a chiallaíonn nach raibh Comhlacht na gClár Speisialta AE in ann tús a chur le caiteachas an tionscadail a mhaoiniú mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár C Beartas agus reachtaíocht

| | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 15,755 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (3,196) | | | |
| | | | 12,559 | 13,143 | 10,045 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,545 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (200) | | | |
| | | | 2,345 | 1,728 | 1,510 |
| C.3 | Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha | | 539 | 101 | 67 |
| C.4 | Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir thaighde eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,589 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (1,110) | | | |
| | | | 1,479 | 1,135 | 3,175 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 12,293 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (567) | | | |
| | | | 11,726 | 11,203 | 6,131 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | | | | |
| | *Bunmhéid* | 7,213 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | 7,613 | 7,348 | 8,096 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | | 3,900 | 3,900 | 3,495 |
| C.8 | Freagairt ar oidhreacht Institiúidí Máithreacha agus Naíonán | | | | |
| | *Bunmhéid* | 9,169 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (6,948) | | | |
| | | | 2,221 | 1,322 | 568 |
| C.9 | Scéim Íocaíochta um Institiúidí Máithreacha agus Naíonán | | | | |
| | *Bunmhéid* | 10,000 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (7,288) | | | |
| | | | 2,712 | 995 | — |
| C.10 | Ciste Magdalen | | 300 | 221 | 510 |
| | | | **45,394** | **41,096** | **33,597** |

### Éagsúlachtaí suntasacha

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €23.207 milliún ní b’ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**C.3 Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha**

*Soláthar sna meastacháin €539,000; olltoradh €101,000*

Baineann an fo-cheannteideal sin le táillí dlíthiúla ilghnéitheacha agus socraíocht nach féidir a thuar de bharr a gcineáil. Ní raibh gá leis an leithdháileadh iomlán in 2023.

**C.4 Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta agus cláir thaighde eile**

*Soláthar sna meastacháin €2.589 milliún; olltoradh €1.135 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €1.454 milliún go príomha ná tearc-chaitheamh ar ghníomhaíochtaí taighde don Fhoireann Staidéir um Fhás Aníos in Éirinn agus tionscadail taighde choimisiúnaithe a bhí ag dul chun cinn ar luas ní ba mhoille ná mar a bhíothas ag súil leo. Tá coinne leis go léireofar na costais tabhairt anonn sin i gcaiteachas 2024.

**C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile**

*Soláthar sna meastacháin €12.293 milliún; olltoradh €11.203 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €1 milliún ná gur foilsíodh Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga in R4 seachas in R1. Chuir sé sin moill ar chumarsáid agus ar obair cur chun feidhme eile.

**C.8 Freagairt ar oidhreacht Institiúidí Máithreacha agus Naíonán**

*Soláthar sna meastacháin €9.169 milliún; olltoradh €1.322 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €7.8 milliún go príomha ná obair thochailte ag láithreán Thuama nár cuireadh tús léi chomh luath agus a bhíothas ag súil léi, agus thóg an próiseas earcaíochta neamhspleách a rinneadh chun Abhcóide Speisialta do Mharthanóirí a cheapadh ní b’fhaide ná mar a bhíothas ag súil leis.

**C.9 Scéim Íocaíochta um Institiúidí Máithreacha agus Naíonán**

*Soláthar sna meastacháin €10 milliún; olltoradh €995,000*

Bhí an tearc-chaitheamh de €9 milliún ann go príomha mar gheall ar an scéim íocaíochta nár osclaíodh le haghaidh iarratas in 2023 mar a bhíothas ag súil léi. Dá bhrí sin, níor tháinig costais a próifílíodh le haghaidh íocaíochtaí leis an soláthraí tríú páirtí chun cinn. Ina theannta sin, ós rud é nár osclaíodh an scéim in 2023, cuireadh moill ar na costais a bhaineann le feachtas feasachta faisnéise don phobal agus costais eile a bhaineann le seirbhísí slándála agus iniúchóireachta agus oiliúint roimh an gcur i bhfeidhm. Osclaíodh an scéim ar an 20 Márta 2024.

## Clár D Sochaí chomhionann agus chuimsitheach

| | | | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 5,453 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (1,141) | | | |
| | | | | 4,312 | 1,753 | 1,340 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 752 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (50) | | | |
| | | | | 702 | 230 | 201 |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | | | 5,788 | 5,753 | 5,330 |
| D.4 | Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach | | | 8,928 | 5,492 | 4,355 |
| D.5 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta na mban | | | 642 | 642 | 611 |
| D.6 | Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach | | | 5,942 | 5,542 | 5,077 |
| D.7 | Gníomhaíocht dhearfach maidir le comhionannas inscne | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 5,865 | | | |
| | | *Méid Forlíontach* | (2,155) | | | |
| | | | | 3,710 | 2,436 | 3,190 |
| D.8 | Tionscnaimh chomhionannais agus LGBTI | | | 1,055 | 1,055 | 1,293 |
| D.9 | Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | | | 8,464 | 8,464 | 6,519 |
| D.10 | Comhionannas míchumais | | | 1,650 | 94 | 1,695 |
| D.11 | Sainseirbhísí Míchumais | | | | | |
| | *Bunmhéid* | | 2,590,305 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | | 112,518 | | | |
| | | | | 2,702,823 | 2,696,787 | — |
| D.12 | Sainseirbhísí Míchumais Covid-19 | | | 39,000 | 39,000 | — |
| D.13 | Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly | | | 1,400 | 776 | — |
| D.14 | Cláir mhíchumais agus comhlachtaí rialála | | | 10,412 | 4,975 | — |
| D.15 | Íocaíochtaí i leith Tailidimíde | | | 370 | 346 | — |
| | | | | **2,795,198** | **2,773,345** | **29,611** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €87.32 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**D.4 Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach**

*Soláthar sna meastacháin €8.928 milliún; olltoradh €5.492 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €3.436 milliún go príomha ná tionchar foriomlán na freagartha ar ghéarchéim san Úcráin. Bhí méid ní ba lú athlonnaithe agus tearc-chaitheamh ar chomhaontuithe deontais mar gheall ar bhrúnna cóiríochta, rud a d'fhág go raibh tarraingtí anuas ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leo ó Údaráis Áitiúla mar aon le caithimh ní b'ísle ar chostais bheartaithe ghaolmhara. Bhí tionchar aige sin ar an gcumas chun misin roghnúcháin bhuiséadaithe a dhéanamh mar gheall ar bhrúnna cóiríochta in Ionaid Ghlactha. Ní dhearnadh aon mhisin roghnúcháin in 2023 agus bhí tionchar suntasach ar an mbuiséad beartaithe gaolmhar.

**D.6 Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach**

*Soláthar sna meastacháin €5.942 milliún; olltoradh €5.542 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €400,000 go príomha ná moilleanna i ndréachtú na straitéise athsholáthair don Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017-2021, rud a chiallaigh go raibh an caiteachas réamh-mheasta ar fhorbairt agus ar fhoilsiú na straitéise nua, agus ar dhul chun cinn a dhéanamh ar roinnt gníomhartha a bhí le sainaithint inti, ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

**D.7 Gníomhaíochtaí Dearfacha um Chomhionannas Inscne**

*Soláthar sna meastacháin €5.865 milliún; olltoradh €2.436 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €3.429 milliún go príomha ná moill ar ghairm ar thograí a reáchtáil faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus le haghaidh comhionannas inscne.

**D.10 Comhionannas Míchumais**

*Soláthar sna meastacháin €1.65 milliún; olltoradh €94,000*

Tháinig an tearc-chaitheamh de €1.556 milliún chun cinn ó sheasaimh bheartais i ndáil le costais réamh-mheasta éagsúla nár tugadh chun críche laistigh den tréimhse ama a bhí beartaithe. Bhain siad sin go príomha leis an tréimhse forbartha fhadaithe a tugadh don Straitéis Náisiúnta Míchumais agus don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas. Cuireadh siar seoladh beartaithe na Straitéise Náisiúnta Míchumais go dtí 2024 mar fhreagairt ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a léirigh go láidir go mbeadh níos mó ama ag teastáil chun próiseas comhdheartha comhlíontach maidir le Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a fhorbairt. Bhí tionchar iarmhartach aige sin ar chaitheamh a bhain le gníomhaíochtaí de chuid na Straitéise Náisiúnta Míchumais (NDS) nó le gníomhaíochtaí a bhraitheann ar NDS. Cuireadh siar comhairliúcháin don Straitéis Nuálaíochta um Uathachas go 2024 freisin de réir mar a cuireadh fad le cruinnithe déthaobhacha le Ranna agus Gníomhaireachtaí chun gníomhartha a fhorbairt, i bpáirt mar gheall ar an ngá atá le breithniú a dhéanamh ar na 109 moladh ó Thuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais um Uathachas, a foilsíodh leath bealaigh trí phróiseas forbartha na Straitéise. Chuir sé sin moill ar fhoilsiú na dréacht-Straitéise Nuálaíochta um Uathachas, rud a chuir bac ar sheoladh comhairliúchán a raibh tionchar acu ar an gcaitheamh gaolmhar. Níor lean tairiscint Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) ar aghaidh, rud a bhí bainteach le moill an NDS, agus bhí gá le tuilleadh machnaimh maidir le feidhm leanúnach an Líonra Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin Míchumais, rud a d’fhág go raibh tearc-chaitheamh ann. Cuireadh maoiniú a bhaineann leis an gclár Fostóirí le haghaidh Athraithe, arna fheidhmiú ag an Tionscnamh Doirse Oscailte, siar mar chuid d’atheagrú socruithe maoinithe agus rialachais i ndáil leis an gclár.

**D.13 Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly**

*Soláthar sna meastacháin €1.4 milliún; olltoradh €776,000*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €624,000 go príomha ná go bhfuil formhór na hoibre curtha i gcrích tar éis 7 mbliana agus nach bhfaightear nótaí táillí gairmiúla ach ar bhonn ad hoc anois.

**D.14 Cláir Mhíchumais & Comhlachtaí Rialála**

*Soláthar sna meastacháin €10.412 milliún; olltoradh €4.975 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €5.437 milliún go príomha ná moill ar thionscnamh de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte a thosú, chomh maith le costais ní b’ísle ná mar a bhíothas ag súil leo a bhaineann le seirbhísí agus tacaíochtaí Tailidimíde agus tionscnamh an Bhuiséid Phearsantaithe.

## Clár E Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtach do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta

| | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar sna meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 13,130 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (2,664) | | | |
| | | | 10,466 | 10,952 | 8,371 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,121 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (350) | | | |
| | | | 1,771 | 1,441 | 1,258 |
| E.3 | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,786 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 236 | | | |
| | | | 3,022 | 1,676 | 1,538 |
| E.4 | Cóiríocht do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunmhéid* | 394,936 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 236,453 | | | |
| | | | 631,389 | 655,361 | 367,223 |
| E.5 | Cóiríocht d'Úcránaigh agus Costais Ghaolmhara | | | | |
| | *Bunmhéid* | 640,800 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 879,374 | | | |
| | | | 1,520,174 | 1,489,725 | 514,571 |
| | | | **2,166,822** | **2,159,155** | **892,961** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €1.105 billiún ní b'airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**E.3 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**

*Soláthar sna meastacháin €2.786 milliún; olltoradh €1.676 milliún*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €1.11 milliún go príomha ná an mhoill ar mhaoiniú a fhormheas faoi Ghairm AMIF ar Thograí. Mar thoradh air sin, déanfar íocaíochtaí deontais le tionscadail fhormheasta in 2024.

**E.4 Cóiríocht do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta**

*Soláthar sna meastacháin €394.94 milliún; olltoradh €655.36 milliún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €260.4 milliún ná gur bhraith na Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta ar éileamh agus go raibh méadú ag teacht ar riachtanais chóiríochta agus seirbhísí de réir an éilimh ó líon na n-iarratas ar Chosaint Idirnáisiúnta. Le tamall anuas, tá méadú níos mó ná riamh tagtha ar líon na ndaoine nuathagtha a bhfuil cóiríocht cosanta idirnáisiúnta á lorg acu in Éirinn, agus tháinig méadú ar líon iomlán na ndaoine a tháinig isteach ó 7,244 duine i mí na Nollag 2021 go 18,534 duine i mí na Nollag 2022, agus shroich sé thart ar 26,000 duine faoi dheireadh mhí na Nollag 2023.

**E.5 Cóiríocht d'Úcránaigh agus costais ghaolmhara**

*Soláthar sna meastacháin €640.8 milliún; olltoradh €1.49 billiún*

Ba é ba chúis leis an róchaitheamh de €849 milliún go príomha ná go raibh an leithdháileadh d'fho-cheannteideal E.5 bunaithe ar olltoradh 2022. Le linn 2023, tháinig méadú suntasach ar chostais mar gheall ar raon tosca a bhaineann le leanúint den chogadh san Úcráin agus síneadh an Aontais le cur i bhfeidhm na Treorach um Chosaint Shealadach. Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis na costais mhéadaithe don Roinn ná teacht leanúnach BOTPanna os cionn 100,000 duine faoi dheireadh 2023, an cion ard BOTPanna (thart ar 75%) a bhí ag lorg cóiríocht thacaithe, na costais a bhaineann le réitigh chóiríochta agus tacaíochtaí riachtanacha a aimsiú ó fhoinsí tráchtála go príomha agus i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla agus maoiniú na hÍocaíochta Aitheantais Cóiríochta arna riar ag an Roinn Coimirce Sóisialaí thar ceann na Roinne lena mbaineann €800 in aghaidh na míosa do níos mó ná 13,000 óstach de níos mó ná 28,000 BOTP.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gCabhair

| | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 9,947 | 12,000 | 8,672 |
| 2 | Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc de Scoileanna Coinneála Leanaí | 734 | 684 | 685 |
| 3 | Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann | 1 | — | — |
| 4 | Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí | 2 | — | — |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 11,000 | 9,291 | 9,448 |
| 6 | Fáltais na gCuntas Díomhaoin | 8,157 | 7,500 | 10,531 |
| 7 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 882 | 849 | 1,801 |
| 8 | Fáltais an AE | 893 | 471 | 3,335 |
| 9 | Ilghnéitheach | 343 | 410 | 583 |
| | **Iomlán** | **31,959** | **31,205** | **35,055** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gceannteidil aonair maidir le leithreasaí i gcabhair (+/-5% agus €100,000). Bhí na leithreasaí i gcabhair ar an iomlán €754,000 ní b'ísle ná mar a tuaradh.

**1 Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

*Soláthar sna meastacháin €9.947 milliún; réadaithe €12 milliún*

Ba é ba chúis leis an méadú de €2 milliún ar fháltais go príomha ná líon méadaithe de Choibhéisí Ball Foirne Lánaimseartha de chuid Tusla in 2023, agus mar gheall ar éifeacht na n-incrimintí pá agus na méaduithe pá ó chomhaontuithe san earnáil phoiblí.

**5 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar sna meastacháin €11 milliún; réadaithe €9.291 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchion de €1.7 milliún i bhfáltais go príomha ná fáltais Asbhainte ní b'ísle a Bhaineann le Pinsean ná mar a bhíothas ag súil leo ar dtús sa Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Ba é a bhí i bhfigiúr an leithdháilte deighilt mheastacháin ar iomlán an leithdháilte maidir le Leithreasaí i gCabhair, bunaithe ar fháltais 2022 mar chéatadán den bhuiséad pá. Rinneadh é sin a fhritháireamh go páirteach le líon méadaithe na foirne roinne in 2023.

**6 Fáltais na gCuntas Díomhaoin**

*Soláthar sna meastacháin €8.157 milliún; réadaithe €7.5 milliún*

Ba é ba chúis leis an ngannchion de €657,000 i bhfáltais go príomha ná cealú tionscnamh a maoiníodh faoi scéim na gCuntas Díomhaoin.

**8 Fáltais an AE**

*Soláthar sna meastacháin €893,000; réadaithe €471,000*

Ba é ba chúis leis an ngannchion de €422,000 i bhfáltais go príomha ná athrú ar an mbonn ríofa chun cistí a scaoileadh ó fháltais AMIF chuig an Státchiste.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 505 | 2,968 |
| Coigeartú ar an iarmhéid tosaigh | (6) | (8) |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: Pobal | 6,754 | 7,167 |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: ETBanna | 374 | 1,275 |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 75 | 25 |
| An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | — | 21 |
| Eile | 389 | 363 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (7,739) | (11,306) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **352** | **505** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 769 | 606 |
| Gníomhaireachtaí na Roinne | 5,380 | 5,033 |
| Iomlán | **6,149** | **5,639** |

### 5.2 Costais Phá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 38,979 | 29,844 |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 218 | 115 |
| Liúntais eile | 252 | 154 |
| Ragobair | 549 | 598 |
| PRSI an fhostóra | 3,717 | 2,773 |
| **Pá iomlán** [a] | **43,715** | **33,484** |

**Remuneration of agency staff**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá [b] | 321,592 | 297,374 |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 2,819 | 2,872 |
| Liúntais eile | 1,430 | 1,607 |
| Ragobair | 2,344 | 1,524 |
| PRSI an fhostóra | 32,921 | 31,185 |
| **Pá iomlán** | **361,106** | **334,562** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr pá iomlán thar fho-cheannteidil A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1.

[b] Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá gníomhaireachtaí. Tá tuilleadh eolais maidir le líon na bhfostaithe agus pá i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

Is iad na gníomhaireachtaí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA), Údarás Uchtála na hÉireann (AAI), an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfáltas | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais i leith ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 32 | 8 | 25,628 | 22,755 |
| Liúntais eile | 38 | 1 | 69,592 | 35,651 |
| Ragobair | 160 | 16 | 35,745 | 41,270 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 30 | 9 | 25,236 | 17,170 |
| **Foireann ghníomhaireachtaí na Roinne** | | | | |
| Liúntais i leith ard-dualgas,dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 536 | 60 | 23,710 | 20,880 |
| Liúntais eile | 420 | 16 | 30,013 | 30,218 |
| Ragobair | 877 | 51 | 70,866 | 43,898 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 561 | 46 | 36,052 | 58,130 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfáltas | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 51 | 84,725 | 61,867 |
| Pleananna téarnaimh i bhfeidhm | 11 | 13,494 | 9,413 |

Nóta [a] Aistríodh triúr oifigeach nach raibh pleananna téarnaimh ró-íocaíochta i bhfeidhm acu arbh fhiú €4,536 san iomlán iad chuig dhá roinn Rialtais in 2023.

[b] In 2023, rinneadh 59 ró-íocaíocht a fhorchúiteamh ina n-iomláine. Tá NSSO ag bainistiú pleananna forchúitimh d’iarmhéid na ró-íocaíochtaí agus tá sé á gcur chun cinn.

## 5.5 Socruithe luacha saothair eile

Athfhostaíodh ochtar státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar chostas iomlán €85,846. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir leis na prionsabail den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas sin caiteachas de €57,164 (lena n-áirítear tuarastal, aoisliúntas an fhostaí agus PRSI an fhostóra) maidir le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2023 sa Roinn Dlí agus Cirt agus ar íoc an Roinn a thuarastal. Áirítear an méid sin san fhigiúr do Thuarastail In-aisíoctha laistigh d'iarmhéideanna dochair eile i nóta 2.6.

## 5.6 Foireann na Roinne de réir banda pá

Tá an líon fostaithe de chuid na Roinne ar thit a gcuid sochar fostaithe iomlán (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan PRSI an fhostóra, costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas mar seo a leanas.

| **Bandaí pá (€)** | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2023** | **2022** |
| 20,000 | 59,999 | 425 | 370 |
| 60,000 | 69,999 | 53 | 29 |
| 70,000 | 79,999 | 57 | 55 |
| 80,000 | 89,999 | 51 | 29 |
| 90,000 | 99,999 | 37 | 28 |
| 100,000 | 109,999 | 14 | 21 |
| 110,000 | 119,999 | 15 | 8 |
| 120,000 | 129,999 | 3 | 1 |
| 130,000 | 139,999 | — | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | 2 | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 3 | 3 |
| 170,000 | 179,999 | 3 | — |
| 180,000 | 189,999 | — | 1 |
| 190,000 | 199,000 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,000 | — | — |
| 230,000 | 239,000 | 1 | — |

## 5.7 Scaradh/Iomarcaíocht

Le linn 2023, íocadh íocaíocht iomarcaíochta de €10,524 agus scaoilíocaíocht de €24,084 san iomlán le ball foirne amháin ar cuireadh deireadh lena fhostaíocht.

| **Grád** | **Scaoilíocaíocht €** | **Blianta breise de mheas-seirbhís** | **Íocaíocht luath pinsin gan aon laghdú achtúireach (blianta)** |
|---|---|---|---|
| Tiománaí Sibhialtach | 34,608 | Nialas | Nialas |
| **Iomlán** | **34,608** | | |

## 5.8 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Ba é seo a leanas luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | **2023 €000** | **2022 €000** |
|---|---|---|
| Bunphá | | |
| Kevin McCarthy - ceapadh an 19 Eanáir 2022 é | 238 | 187 |
| Fergal Lynch - cuireadh deireadh leis an gceapachán an 18 Eanáir 2022 | — | 18 |
| | **238** | **205** |

Ní áirítear luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse thuas. Tá an bheirt Oifigeach Cuntasaíochta ina mbaill den scéim aoisliúntais roimh 1995 do státseirbhísigh sheanbhunaithe agus ní théann a dteidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

I mí Mheán Fómhair 2023, tar éis tuarascáil neamhspleách ar ghrádú post áirithe Ard-Rúnaí, chuir an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe smachtbhanna in iúl maidir le hathghrádú phost an Ard-Rúnaí sa Roinn ó Ard-Rúnaí Leibhéal III go hArd-Rúnaí Leibhéal II, le héifeacht ó dháta ceaptha an Ard-Rúnaí reatha i mí Eanáir 2022.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí le Pobal

De réir bheartas cuntasaíochta na Roinne, gearradh na glanchistí de €1.030 milliún a soláthraíodh do Phobal sa bhliain ar na fo-cheannteidil ábhartha mar atá leagtha amach thíos.

Le linn 2023, thug Pobal cistí arbh fhiú €6.938 milliún san iomlán iad ar ais don Roinn. Cuireadh €6.596 milliún de na cistí a bhain le blianta roimhe sin ar ais chuig an Státchiste mar fháltais bhreise Státchiste (féach nóta 4.2) agus fuarthas €0.158 milliún i ndeireadh mhí na Nollag 2023 le cur ar ais chuig an Státchiste in 2024. Taifeadadh €0.184 milliún mar fháltais na gCuntas Díomhaoin maidir le Leithreasaí i gCabhair.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Fo-cheannteideal** | | | |
| B.3 | Cláir réamhscoile ECCE agus AIM | 313,844 | 330,867 |
| B.4 | An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir cúraim leanaí eile | 342,600 | 219,942 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | 335,971 | 148,489 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 14,610 | 14,043 |
| B.8 | Gníomhartha maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine maoinithe) | 281 | 1,366 |
| B.10 | Tacaíochtaí a bhaineann le Covid d'Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus do Chúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) | — | 22,676 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 2,429 | 1,262 |
| E.5 | Cóiríocht d'Úcránaigh agus costais ghaolmhara | 20,590 | 6,345 |
| | **Iomlán íoctha le Pobal** | **1,030,325** | **744,990** |

Nóta [a] Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Ag an 31 Nollaig 2023, bhí ceangaltais deontais de €18.3 milliún san iomlán ag Pobal a bhain le cláir a riartar thar ceann na Roinne.

## 6.2 Costais chúitimh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Roinn i gcaitheamh na bliana**

| | Éilimh ó | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | Baill den phobal | 2023 | 2022 |
| Líon na gcásanna | 29 | 46 | 75 | 41 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 203 | 203 | 26 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 391 | 521 | 912 | 230 |
| Costais dlí | 62 | 153 | 215 | 327 |
| Costais eile | 72 | 87 | 159 | 23 |
| **Iomlán 2023** | **525** | **964** | **1,489** | **606** |
| Iomlán 2022 | 415 | 191 | 606 | |

Nóta [a] Ag an 31 Nollaig 2023, d'áirigh an Roinn i speansais fhabhraithe, €27,226 (2022: €52,989) is iad sin na costais dlí iomlána gan íoc atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

[b] Ag an 31 Nollaig 2023, tá costais dlí €60,000 iníoctha ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ndáil le hathbhreithniú breithiúnach a bhaineann le rochtain ar shonraí sláinte a socraíodh le linn 2022. Lorgóidh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát aisíocaíocht as na costais sin ón Roinn.

[c] Ag an 31 Nollaig 2023, tá costais dlí €146,651 iníoctha leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i ndáil le caingean dlí a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán maidir le Measúnú ar Riachtanais. Baineann na costais sin, mar aon le €9,647 breise a tabhaíodh i mí Eanáir 2024, le táillí dlíthiúla an Ghearánaí. Lorg an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát aisíocaíocht as na costais sin ón Roinn agus íocfar iad sin in 2024.

**Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2023**

| | Éilimh ó | | |
|---|---|---|---|
| | fostaithe | Baill den phobal | Iomlán |
| Líon na gcásanna | 11 | 3 | 14 |
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — | — |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | |
| Cúiteamh | 249 | — | 249 |
| Costais dlí | 136 | 129 | 265 |
| Costais eile | 18 | 1 | 19 |
| **Iomlán** | **403** | **130** | **533** |

## 6.3 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

I mí an Mhárta 2017, bunaíodh coimisiún imscrúdúcháin ar nithe áirithe a bhain le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus ar nithe gaolmhara. Tugtar cuntas ar chaiteachas an Choimisiúin i bhfo-cheannteideal D.13 de Choimisiún Imscrúdúcháin Farrelly.

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2023 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.13 − Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly (Nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara) | 2017 | 7,565 [a] | 776 | 775 |

Nóta [a] Áirítear sa chaiteachas carnach go dtí deireadh 2023 €6.789 milliún de chaiteachas a tabhaíodh sa Roinn Sláinte, sular aistríodh feidhm na SCBDS chuig an Roinn in 2023.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fo-cheannteideal B.6 Tá eagraíochtaí agus seirbhísí óige páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.

| | 2023 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | Meastachán | Olltoradh | Olltoradh |
| | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-cheannteideal** | | | |
| B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige | **75,548** | **74,725** | **72,411** |

## 6.5 Maoiniú ón AE

Áirítear leis an olltoradh a thaispeántar i bhFo-cheannteidil B.9, D.4 agus E.3 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ag ESF agus ag AMIF faoi seach. Ba é seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus ar olltorthaí iarbhír.

| | | 2023 | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fo-cheannteideal** | | | | | |
| B.9 – Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 741 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | (257) | | | |
| | | | 484 | 484 | 975 |
| D.4 – Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach | | | 8,928 | 5,492 | 4,355 |
| E.3 – An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht [a] | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,786 | | | |
| | *Méid Forlíontach* | 236 | | | |
| | | | 3,022 | 1,676 | 1,538 |

Nóta [a] B'ionann caiteachas AMIF don bhliain agus €1.68 milliún. Scaoiltear fáltais ón Aontas i ndáil le maoiniú AMIF isteach sna cuntais trí leithreasaí i gcabhair nuair a mheastar iad a bheith cinnte. Tá iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh isteach sna cuntais le fáil i nóta 2.9.

## 6.6 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh | **3,288** | **247** |